# An Fheadóg Bhuidhe.

Tá ball dubh ar an bhfeadóg. Méaduigheann an ball dubh nuair a bhíonn siad le linn breith. Níl aon fhonn ar na foghléirí iad a mharbhú an t-am sin. Ní bhíonn an ball dubh le feiceál mórán sa bhfómhar. Tiubhraidh tú faoi deara i gcomhnaidhe é. Tá sé ina leath-fhocal acab “ní imtheochaidh sé go n-imthighidh an ball dub den fheadóg.” Tá siad ins na hoileáin có maith leis na sléibhte.